Saincheisteanna tábhachtacha iad díobháil agus maslú don dlí agus is saincheisteanna casta iad don rialtóir. Leagfadh sé cosc doshamhalta ar shaoirse tuairimíochta agus ar bheogacht an chraolacháin mura gcríoilfaí aon rud ar dócha go ndéanfadh sé duine ar bith a mhaslú. Ach ní cheanglaíonn an dlí sin ná ní fhorordaíonn an Cód seo sin. Ní hamháin nach bhfuil aon cheart ann nach ndéanfar thú a mhaslú, beidh sé dosheachanta go gcuimseofar i seirbhís chlár ina bhfuil saibhreas iomlán an tsaoil agus a thugann faoi dhul i ngleic leis an réimse iomlán ábhair bhuartha don lucht féachana, ábhar a bheidh ina fhoinsé mhaslaithe do roinnt daoine. Tá dualgas ar chraoltóirí a bheith gríosaitheach agus cur leis an bhfeasacht atá ag sochaí orthu féin, ar an tsaintréith dhinimiciúil agus athraitheach agus ar a n-áit sa domhan nua-aimseartha.

Seo an fáth nach díreach liosta d'fhorordaithe nó toirmisc go simplí atá sa Chód seo. B'fhearr leis blaiseadh den oiriúnacht a thabhairt ná chun comhaontú a lorg ar céard atá i gceist le blas. Aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le ton agus comhthéacs sa bhealach a fhreagróidh lucht féachana do chlár. Is eol dó go bhfuil saghsanna d'ábhar ann is tipiciúla a dhéanfaidh daoine a mhaslú, ach is eol dó,

chomh maith, nach mbíonn sé cabhrach de shíor iarracht a dhéanamh chun tuairim statach nó réamhchinntithe a bheith agat ar céard a bheidh i gceist le blas ag aon tráth amháin.

Ní hionann díobháil, in aon chor, áfach, faoi mar a dtugtar breac-chuntas uirthi sa Chód. Is ceart agus is cóir a chinntiú nach ndéanann a ndéantar a chraoladh díobháil d'aon duine sa lucht féachana. Tá an ceart ag daoine nach ndéanfar díobháil dóibh. Baineann tábhacht thromchúiseach le buarthaí leanaí agus tugtar faoi deara iad go sonrath sa Chód, faoi mar a dhéantar san Acht Craolacháin, 2009 (“an tAcht”) agus sa Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc 2010/13/AE (“an Treoir”).


Déanann an tAcht foréigean agus iompar gnéasach a chur i gcodarsnacht lena chéile san abairt chéanna. Ach ní dhéantar amhlaidh chun coibhéis mhorálta a bhunú eatarthu. Ní mór breithiúnais éagsúla a dhéanamh ina leith.

Beidh amanna ann a mheasfar gur sháraigh ábhar cláir tairseach inghlacthachta agus gur cheart d'idirghabháil eagarthóireachta cosc a chur ar a tharchur. Níl saoirse iomlán i gceist le saoirse tuairimíochta agus ní áirítear an tsaoirse leis seo chun baint de charachtar agus cáil daoine aonair go héagórach nó iad a chlúmhillleadh. Sa chás go gcráoltar an t-ábhar sin, is tábhachtach go bhfuil sásamh ar fáil. Foinse den sásamh sin is ea go bhfuil an Coiste Comhlíonta, coiste reachtúil den Údarás, ann.

Ábhar ríthábhachtach d'Údarás Craolacháin na hÉireann is ea leas an phobail. Is é an bhunchloch faoi go leor atá i gceist leis an dlí mar aon le cur chuige an BAI i leith a n-oibre. Ach d'fhéadfadh cúinsí a bheith i gceist inar féidir an cuspóir sin

a chúlghairm ar bhealaí atá éagsúil ónár gcur chuige. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach, ar an ábhar sin, a shoiléiriú céard atá i gceist againn. Sa Chód seo, úsáidtear an téarma ‘leas an phobail’ sa chiall a éascaíonn seachas sa chiall a leagan srian. Ciallaíonn sé fíor-leas saoránach agus daoine eile a chónaíonn sa stát; an cumas atá acu chun tuiscint iomlán a bheith acu ar an mbealach a thugtar faoin saol poiblí; agus an teidlíocht atá acu an réimse is mó d'fhaisnéis a fháil chun cabhrú leo sna roghanna agus na cinntí a dhéanfaidh siad ina saol agus i dtabhairt faoinár ndaonlathas.

Léirítear go leor den mhéid a sholáthraíonn an Cód sa bhealach a thugann craoltóirí freagracha faoina n-obair thábhachtach. I dtabhairt faoina mbreithiúnais eagarthóireachta, mar shampla, beidh siad íogair i leith luachanna an phobail; léireoidh siad meas ar an tairseach; aithneoidh siad próifíl an lucht féachana atá éagsúil i dtaobh cúrsaí cáilíochtúla de atá ar fáil le linn saoirse scoile; agus déanfaidh siad cláreagrú ar bhonn íogair. Is éard a bhfuil an BAI ag súil leis go ndéanfaidh an Cód seo ná na caighdeáin is airde is féidir a spreagadh sa tseirbhís a sholáthraítear don lucht féachana agus go leagfaidh a phrionsabail agus a riachtanais nasctha an cur chuige amach ar cheart do chraoltóirí tabhairt faoi agus a chinntiú don lucht féachana go dtacaítear lena leas agus go gcosnaítear iad.



Bob Collins

Cathaoirleach (2009–2014)

Údarás Craolacháin na hÉireann

RÉAMHRÁ

BONN REACHTÚIL

Réitíonn agus foilsíonn Údarás Craolacháin na hÉireann (“an BAI”) cóid chleachtais do chraoltóirí, faoi mar a cheanglaíonn an dlí. Déanann an Cód seo ionadaíocht don reacht, go háirithe do cheanglais ailt 42(2) (c), (d), (f), (i) agus (j) den Acht Craolacháin, 2009 (“an tAcht”).

REACHTAÍOCHT	FORÁLFAIDH NA CÓID CHRAOLACHÁIN:	CÓD AN BAI
Alt 42(2)(a)	go ndéanfar an nuacht go léir a bheidh á craoladh ag craoltóir a thuairisciú agus a chur i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a nochtadh,	An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha
Alt 42(2)(b)	go ndéanfar, nuair a bheifear ag déileáil i gcaolacháin le cúrsaí reatha, lena n-áirítear nithe is ábhair chonspóide poiblí nó is ábhair díospóireachta reatha poiblí, cothrom na féinne a thabhairt do na leasanna uile lena mbaineann agus go gcuirfear an t-ábhar a chraolfar i láthair go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta gan aon tuairimí de chuid an chraoltóra féin a nochtadh,	An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha
Alt 42(2)(c)	nach gcaolfaidh craoltóir aon ní gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d’údarás an Stáit,	An Cód um Chaighdeáin Chlár
Alt 42(2)(d)	nach ndéanfar, i gcláir a chraolfaidh craoltóir agus sna modhanna a úsáidfear chun na cláir sin a dhéanamh, cúngú míréasúnach ar phríobháideachas aon phearsan aonair,	An Cód um Chaighdeáin Chlár

→

REACHTAÍOCHT	FORÁLFAIDH NA CÓID CHRAOLACHÁIN:	CÓD AN BAI
Alt 42(2)(e)	nach ndéanfaidh craoltóir, le linn dó nó di an t-am a leithroinnt le haghaidh craolacháin páirtithe polaitíochta a tharchur, tosaíocht mhíchothrom a thabhairt d'aon pháirtí polaitíochta,	An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta sa Nuacht agus i gCúrsaí Reatha agus Na Treoirínte maidir le Toghcháin agus Reifrinn
Alt 42(2)(f)	go ndéanfar, maidir le bunábhar clár a chraolfaidh craoltóir, luchtanna féachana agus éisteachta a chosaint ar bhunábhar dochrach nó colúil, go háirithe, go ndéanfaidh craoltóir bunábhar clár i leith léiriú ar fhoréigean agus iompar gnéasach, a chur i láthair – (i) le híogaireacht chuí maidir le háitiúis nó le mothúcháin an lucht féachana nó an lucht éisteachta, agus (ii) ag féachaint go cuí d'éifeacht clár den sórt sin ar fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí,	An Cód um Chaighdeáin Chlár
Alt 42(2)(g)	maidir le fógraíocht, bunábhar teilishiopadóireachta, urraíocht agus cineálacha eile cuir chun cinn tráchtála a úsáidtear in aon seirbhís craolacháin, go háirithe fógraíocht agus gníomhaíochtaí eile den sórt sin a bhaineann le nithe ar dóigh dóibh a bheith ina ndíol suime do leanaí go díreach nó go neamhdhíreach, go ndéanfaidh siad leasanna leanaí a chosaint ag féachaint go háirithe do leasanna leanaí i gcoitinne ó thaobh sláinte an phobail de,	Cód Cumarsáid Tráchtála na Leanaí

→

REACHTAÍOCHT	FORÁLFAIDH NA CÓID CHRAOLACHÁIN:	CÓD AN BAI
Alt 42(2)(h)	maidir le fógraíocht, bunábhar teilishiopadóireachta, urraíocht agus cineálacha eile cuir chun cinn tráchtála a úsáidtear in aon seirbhís craolacháin, seachas fógraíocht agus gníomhaíochtaí eile mar a dúradh a thagann faoi réim mhír (g), go ndéanfaidh sí leasanna an lucht féachana nó an lucht éisteachta a chosaint,	An Cód Cumarsáid Ghinearálta Tráchtála
Alt 42(2)(i)	maidir le haon seirbhís craolacháin a sholáthar a mbeidh cur chun cinn leasanna aon eagraíochta mar cheann dá príomhchuspóirí, go ndéanfaidh sé leasanna an lucht féachana nó an lucht éisteachta a chosaint, agus	An Cód um Chaighdeáin Chlár
Alt 42(2)(j)	do na nithe a gceanglaítear foráil a dhéanamh dóibh le Caibidlí IIA, IV agus V den Treoir ón gComhairle. ¹	An Cód um Chaighdeáin Chlár, An Cód Cumarsáid Ghinearálta Tráchtála, Cód Cumarsáid Tráchtála na Leanaí, Rialacha an BAI ar Fhógraíocht agus Teilishiopadóireacht

¹ ‘Ciallaíonn ‘Treoir ón gComhairle’ Treoir 89/552/CEE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 1989 ar chomhordú roinnt forálacha a leagtar síos ag an dlí, rialachán nó gníomhaíocht riaracháin i mBallstáit a bhaineann le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí craolta teilifíse amhail a leasaíonn Treoir 97/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 1997 agus Treoir 2007/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 11 Nollaig 2007.

Le linn dó cód craolacháin a ullmhú nó a athmheas, beidh aird ag an Údarás ar gach ceann de na nithe seo a leanas, anuas ar fhorálacha Alt 42(3) den Acht:

- (a) an méid dochair nó coil is dóigh a dhéanfaí dá gcuirfí aon sórt ar leith bunábhair i gclár i gcoitinne nó i gclár de thuirisc áirithe,
- b) méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta ionchasaigh le haghaidh clár a bheidh ar áireamh i seirbhísí craolacháin teilifíse agus fuaimne i gcoitinne nó i seirbhísí craolacháin teilifíse agus fuaimne de thuirisc áirithe,
- (c) ionchas dóchúil an lucht féachana nó an lucht éisteachta maidir leis an gcineál lánais a bheidh i gclár agus a mhéid is féidir aird daoine a d'fhéadfadh a beith i measc an lucht féachana nó an lucht éisteachta a tharraingt ar an gcineál lánais a bheidh i gclár,

d) an dóchúlacht atá ann, maidir le daoine nach eol dóibh an cineál lánais a bheidh i gclár, go bhfeicfidh siad nó go gcloisfidh siad an lánas sin go neamhdheonach trína mbearta féin,

- (e) a inmhianaithe atá sé a áirithiú go léirítear i lánas seirbhíse craolacháin an tráth a bhfuil athrú ann a dhéanann difear do chineál na seirbhíse a bhfuiltear ag féachaint uirthi nó ag éisteacht léi agus, go háirithe, athrú is iomchuí maidir le cur chun feidhme na gcód a shocraítear faoin alt seo, agus
- (f) a inmhianaithe atá sé neamhspleáchas a chothabháil maidir le rialú eagarthóireachta ar lánas clár.

Tugtar éifeacht phraiticiúil do na forálacha reachtúla seo i líon cód a oibríonn an BAI. Cuimsíonn an Cód seo um Chaighdeán Chlár na forálacha atá aibhsithe sa tábla thuas. Is féidir teacht ar gach ceann de chóid an BAI ar www.bai.ie.

CUSPÓIRÍ AN CHÓID SEO

- Craolachán freagrach a chur chun cinn ina gcuirtear feabhas ar rochtain ar fhaisnéis, siamsaíocht agus oideachas mar aon le réimse tuairimí agus ina laghdaítear maslú agus díobháil mícheart.
- Éagsúlacht na roghanna agus na suimeanna a aithint atá ann i sochaí chomhaimseartha na hÉireann agus chun craolachán a spreagadh agus a éascú a fhreastalaíonn ar éagsúlacht.
- Breathnóirí agus éisteoirí a chur ar an eolas ar na caighdeáin ar féidir leo bheith ag súil leo ó sheirbhísí craolacháin agus a chur ar chumas breathnóirí agus éisteoirí freagracht a leagan ar chraoltóirí sa chás go gcreideann siad go raibh iompar mífhreagrach ar bun ag craoltóir.
- Treoir a sholáthar do chraoltóirí maidir le ceisteanna a thagann faoi chuimsiú scóip na gcód.

AN CEART CHUN GEARÁN A DHÉANAMH

Tá an Cód in ainm is cabhrú le breathnóirí agus éisteoirí a gcreideann go bhfuil gearán dlisteanach acu faoi chraolachán agus ar mian leo gearán a dhéanamh. Míníonn

sé conas is féidir leis an BAI measúnú a dhéanamh ar ghearán. Tá sé beartaithe é a dhéanamh chomh furasta agus is féidir go ndéanfaí breithniú ar do ghearán.

CONAS AN CÓD SEO A CHOMHLÍONADH

- Ceanglaítear ar chraoltóirí gach ceann de na seacht bprionsabal sa Chód seo a chomhlíonadh.
- Tá na prionsabail do-inroinnte, is é sin, cloífidh gach ábhar cláir le gach ceann de na prionsabail.
- Tá liosta de cheanglais neamhchríochnaitheacha ag gach prionsabal nach mór do chraoltóirí a bhaint amach. Cabhraíonn na ceanglais do bhreathnóirí agus d'éisteoirí tuiscint a fháil ar conas a d'fhéadfaí an prionsabal a chomhlíonadh.

CONAS GEARÁN A DHÉANAMH

- Tá sé de theideal ag breathnóirí agus éisteoirí a chreideann nár chomhlíon an t-ábhar cláir prionsabail agus ceanglais an Chóid seo gearán a dhéanamh. Ba cheart gearáin a dhéanamh, sa chéad ásc, leis an gcráoltóir.
- Ba cheart duit an clár ábhartha a craoladh a shainaithint agus a mhíniú céard go díreach faoin gcraoladh a spreag tú chun gearán a dhéanamh. Is tábhachtach a leagan amach go soiléir forais do ghearáin nó cén fáth a chreideann tú nach gcomhlíonann ábhar an chláir ceann amháin nó níos mó de phrionsabail an Chóid seo agus/nó na forálacha reachtúla a leagtar amach thuas.
- Ba cheart go ndéanfadh do ghearán tagairt do cheann amháin de na prionsabail, ar a laghad.
- Ceanglaítear ar gach craoltóir breithniú a dhéanamh ar ghearáin ar aon dul lena gCód Cleachtais um Láimhseáil Gearán agus ba cheart duit tagairt a dhéanamh do Chód Cleachtais an chraoltóra nuair a dhéanann tú do ghearán leis an gcráoltóir. Ba cheart go míneodh an Cód Cleachtais conas a dhéanfaidh craoltóir breithniú agus measúnú ar do ghearán.

CONAS A MHEASÚNÓIDH AN BAI GEARÁIN?

In go leor cúinsí, sa chás nár thug an craoltóir freagra ar do ghearán nó nach bhfuil tú sásta leis an bhfreagra, féadfaidh tú do ghearán a chur faoi bhráid an BAI. Déanfaidh Coiste Comhlíonta an BAI breithniú ar do ghearán. Breithneoidh an BAI ábhar an chláir a ndearnadh gearán faoi ina iomláine agus ina chomhthéacs agus tagairt á déanamh don mhéid a leanas:

- Na saincheisteanna a shaináithnítear sa ghearán;
- Seacht bprionsabal an Chóid seo agus ceanglais gach cinn de na prionsabail;
- Forálacha an Achta Craolacháin, 2009;
- Forálacha na Treorach maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc 2010/13/AE; agus,
- Nósanna imeachta, cleachtais agus beartais an BAI.

Ní thabharfaidh an BAI faoi mheasúnú ar leith nó neamhspleách lasmuigh de na saincheisteanna a thugtar chun solais sa ghearán.

Is féidir tuilleadh eolais faoin bpróiseas gearán a fháil ar láithreán gréasáin an BAI, www.bai.ie nó trí ghlaó gutháin a chur ar [01 6441200](tel:016441200).

SCÓIP AGUS DLÍNSE

Bainfidh an Cód seo le gach ábhar cláir a chraolann craoltóirí laistigh de dhlínse na hÉireann. Ní bhaineann sé le cumarsáid tráchtála, ar nós fógraíochta, urraíocht chláir nó teilishiopadóireacht nó le gearáin faoi chothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht sa nuacht agus ábhar i gcúrsaí reatha. Ní bhaineann sé le seirbhísí eile a fhaightear go coitianta sa Stát, ach atá ceadúnaithe sa Ríocht Aontaithe nó i ndlínsí eile.

Tuigtear an téarma ‘craoltóir’ i gcomhthéacs an tsainmhíntithe a sholáthraítear san Acht Craolacháin, 2009, arb é seo a leanas é:

“Ciallaíonn ‘craoltóir’ duine a sholáthraíonn teaghlaim de bhunábhar clár chun í a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís craolacháin (cibé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh an duine sin an bunábhar sin a tharchur, a leaschraoladh nó a leathadh mar sheirbhís den sórt sin);”

DÁTA ÉIFEACHTACH

Tagann an Cód seo i bhfeidhm ar an 1ú Márta 2015.

PRIONSABAIL CHÓID UM CHAIGHDEÁIN CHLÁR

Tá seacht bprionsabal threoracha mar bhonn agus taca leis an gClár um Chaighdeáin Chlár agus déanfar gach gearán a mheasúnú ina leith. Is iad seo na prionsabail:

- | | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | MEAS A LÉIRIÚ
AR CHAIGHDEÁIN PHOBAIL | 5 | MEAS A LÉIRIÚ AR DHAOINE
AGUS GHRÚPAÍ SA TSOCHAÍ |
| 2 | TÁBHACHT AN CHOMHTHÉACS | 6 | COSAINT LEAS AN PHOBAIL |
| 3 | COSAINT Ó DHÍOBHÁIL | 7 | MEAS A LÉIRIÚ
AR PHRÍOBHÁIDEACHT |
| 4 | COSAINT LEANAÍ | | |

AN T-IDIRDHEALÚ IDIR DÍOBHÁIL AGUS MASLÚ

Nuair a ceanglaíodh ar an BAI chun an Cód seo a chur i dtoll a chéile, déanann an tAcht plé ar dhíobháil agus maslú. Tá idirdhealú tábhachtach le déanamh idir an dá rud. Féadfaidh na hábhair sin is ábhar maslaithe bheith éagsúil ó dhuine go duine, agus is minic a bhíonn siad amhlaidh, agus bíonn siad suibiachtúil den chuid is mó i dtaobh cineáil de. Agus seo á aithint, ní féidir a chinntiú go mbeidh ábhar cláir saor ó mhaslú. Níl aon cheart ann nach ndéanfar tú a mhaslú agus, i dtaobh craoltóirí, bítear ag súil leis, agus a ndualgas á chomhlíonadh acu chun réimse fairsing de chlár a sholáthar a fhreastalaíonn ar lucht féachana fairsing, go mbeidh roinnt clár ann a bheidh ina n-ábhair mhaslaithe do roinnt daoine den lucht féachana. Freagraíonn an Cód do mhaslú ar dhá bhealach. Ar an gcéad dul síos, tá sé de chuspóir aige a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis leordhóthanach ag an mbreathnóir agus an éisteoir chun rogha fheasach a dhéanamh ar céard leis a n-éisteann siad nó céard ar a bhfeiceann siad. Treoraíonn craoltóirí éisteoirí agus breathnóirí trí réamhrabhadh a thabhairt agus trí clár a sceidealú de réir ionchais lucht féachana an tsaghais sin ábhair nó de chainéal nó de sheirbhís ar leith. Ar an dara dul síos, cosnaíonn an Cód i leith maslú míchuí, arb ábhar cláir é, go bhféadfaí caitheamh leis go fóill amhail ábhar a sháraigh tairseach agus a d'fhág gur maslaíodh an breathnóir nó an t-éisteoir go míchuí, tar éis tosa comhthéacsúla ar nós fírinniú eagarthóireachta agus leas an phobail a chur san áireamh.

Níl díobháil chomh suibiachtúil céanna. Rud éigin atá ann nach mbraitheann an oiread céanna ar na tuairimí suibiachtúla a bhíonn ag gach duine ar chlár a n-éisteann siad leo nó a bhfeiceann siad orthu. Ábhar díobhálach is ea ábhar a bhfuil 'tionchar' aige – ábhar a bhíonn mar chúis le díobháil mheabhrach, shíceolaíoch nó fhisiciúil. Níor cheart d'ábhar cláir díobháil a dhéanamh do dhaoine aonair agus tá sé de chuspóir ag an gCód chun cosc a chur ar dhíobháil a dhéanamh d'éisteoirí agus do bhreathnóirí. Agus a aithint gur dhá choincheap ar leith iad seo, glacann an Cód leis, chomh maith, go bhféadfadh maslú a bheith díobhálach faoi roinnt cúinsí.

Prionsabal 1

MEAS A LÉIRIÚ AR CHAIGHDEÁIN AN PHOBAIL

Creideann an BAI go bhfuil caighdeáin ghinearálta phobail ann nach mór do chraoltóirí a chur san áireamh nuair a bhíonn cláir á ndéanamh acu. Baineann na caighdeáin seo le réimse saincheisteanna a chuimsítear in ábhar cláir, lena n-áirítear meonta i leith téarmaí sonracha friotail, íomhánna foréigneacha agus gnéasacha a úsáid. Ceanglaítear ar chraoltóirí breithniú a dhéanamh ar na caighdeáin seo agus tagairt á déanamh do phrionsabail eile an Chóid seo. Aithníonn an prionsabal seo go bhfuil na caighdeáin sin i gcónaí ag teacht chun cinn agus nach mór craolachán a éascú agus ionadaíocht á déanamh d'éagsúlacht, iolracht agus réadúlacht fhairsing shocháí na hÉireann. Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis seo, amanna, cláir a dhéanamh a d'fhéadfadh bheith ina n-údar maslaithe do bhreathnóirí agus d'éisteoirí ach a bhfuil údar leo ar mhaithe le cúiseanna cruthaitheacha, eagarthóireachta agus cúiseanna eile.

Aithníonn an prionsabal seo an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas agus saoirse eagarthóireachta agus teidlíocht luchtanna féachana chun réimse fairsing de chláir a bheith acu.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 1, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- An aire ceart a thabhairt nuair a bhíonn léiriú agus/nó cur síos á dhéanamh ar fhoréigean á gcráladh acu in ábhar cláir. Beidh an aird chuí ag craoltóirí ar oiriúnacht ábhair fhoréignigh a áireamh in ábhar cláir agus/nó an t-údar atá leis, agus aird ar gach prionsabal den Chód.
- An aire ceart a thabhairt nuair a bhíonn léiriú agus/nó cur síos á dhéanamh ar ábhar gnéasach in ábhar cláir. Beidh an aird chuí ag craoltóirí ar oiriúnacht ábhair ghnéasaigh a áireamh in ábhar cláir agus/nó an t-údar atá leis, agus aird ar gach prionsabal den Chód.
- An aird chuí a thabhairt ar oiriúnacht friotail ghairbh agus/nó mhaslaigh a áireamh i gcláir, agus/nó ar an údar atá leis.
- Bheith ar an airdeall i leith, agus cosaint i leith úsáid friotail ghairbh agus/nó mhaslaigh i gcláir bheo, agus sa chás go dtarlaíonn na teagmhais sin, bearta tráthúla a ghlacadh chun aon mhaslú a rinneadh a íoslaghdú, ar nós an friotal a úsáideadh a aithint, a shoiléiriú agus/nó leithscéal a ghabháil faoi.

Prionsabal 2

TÁBHACHT AN CHOMHTHÉACS

D'fhéadfadh ábhar an chláir, amháin, bheith ina údar le díobháil nó maslú nó de bhua an chomhthéacs ina n-amharctar ar nó ina n-éistear le hábhar cláir mar gheall nach bhfuil an t-ábhar ar aon dul le hionchais an lucht féachana. Féadfaidh craoltóirí an aire chuí a thabhairt dá lucht féachana trí réimse tosca comhthéacsúla a chur san áireamh ar féidir leo tionchar a imirt ar bhraistint an éisteora nó an bhreathnóra ar ábhar cláir agus, dá bhrí sin, an méid díobhála nó maslaithe a d'fhéadfadh tarlú. I measc na dtosca sin tá:

- An t-am a chraoltar clár;
- Saghas an chláir (i.e. ábhar, seánra, beo, réamhthairfeadta nó athchraoladh);
- Ionchais dhóchúla an lucht féachana maidir le cineál an chláir nó na seirbhíse craolta ar leith;
- An méid a úsáideadh faisnéis agus treoir an lucht féachana agus an méid a tugadh cineál an ábhair chun airde an lucht féachana roimh ré (trí rabhadh fuaimiúil nó rabhadh eile nó trí shiombail amhairc a bheith ar taispeáint mar shampla, i gcás cláir theilifíse) chun ligean do bhreathnóir nó éisteoir rogha fheasach a dhéanamh;
- An dóchúlacht go nochtfar daoine nach bhfuil feasach ar chineál an ábhair chláir ar bhonn neamhbheartaithe ag a ngníomhartha féin, don ábhar sin;
- Saghas an chainéil nó na seirbhíse ar ar craoladh an t-ábhar cláir;
- Cibé acu an raibh nó nach raibh údar eagarthóireachta le háireamh an ábhair a ndearnadh gearán ina leith;
- Méid agus comhdhéanamh dóchúil an lucht féachana don ábhar sin cláir.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 2, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- Sceidealú cuí, agus, i measc rudaí eile, cineál an ábhair chláir, réimse dóchúil aoise an lucht féachana, cineál na seirbhíse craolta, an clár ar leith agus an t-am den lá is dóchúil go mbeidh leanaí ag féachaint ar chlár nó ag éisteacht le clár agus, ar sheirbhísí teilifíse, úsáid na tairsí a thabhairt san áireamh a bhíonn á hoibriú tar éis 21.00.
- An aird chuí a thabhairt ar ionchais bhunaithe an lucht féachana i leith seirbhís craolacháin agus iarmhairtí aon imeachta bheartaithe ó ghnáthchineál na seirbhíse.

- I gcláir bheo, an gníomh ceartaithe tráthúil a ghlacadh sa chás gur dócha go raibh ábhar neamhphleanáilte ina n-údar maslaithe. I dtaobh an ghnímh sin, d'fhéadfadh an t-ábhar sin a aithint, a shoiléiriú agus/nó leithscéal a ghabháil ina leith a bheith i gceist.
- Réamhrabhaidh agus/nó siombail amhairc a úsáid sa chás gur dócha go mbeidh ábhar cláir ina údar suaite nó maslaithe do líon mór breathnóirí.
- Córas measúnaithe nó sainithe aicmithe a úsáid le haghaidh ábhar cláir, sa chás gur féidir.
- Sonraí teagmhála uimhreacha oiriúnacha líne chabhrach a sholáthar don bhreathnóir nó don éisteoir, sa chás cuí.
- A chinntiú go soláthraítear gach meicníocht faisnéise agus treorach don lucht féachana ar bhealach atá inchloiste go soiléir do lucht féachana raidió agus infheicthe agus inchloiste go soiléir do lucht féachana teilifíse.
- A meicníochtaí faisnéise agus treorach don lucht féachana a chur chun cinn go cuí.

Prionsabal 3

COSAINT Ó DHÍOBHÁIL

D'fhéadfadh fórsa ar mhaithe leis an bpobal a bheith i gcráolachán. Agus saol daoine á shaibhriú trí shiamsaíocht nó trí fhaisnéis nó trí chlár eile, ní mór go mbeidh an tsaoirse ag craoltóirí chun clár a dhéanamh a bhraitheann siad a d'fhéadfadh bheith gríosaitheach nó a dhéileáil le saincheisteanna íogaire. Ní mór do chraoltóirí, áfach, an aire cheart a thabhairt lena chinntiú nach nochtar ábhar díobhálach do lucht féachana agus ní mór dóibh faisnéis leordhóthanach a sholáthar do lucht féachana go mbeidh siad in ann roghanna feasacha a dhéanamh faoin méid ar a bhfeiceann siad agus lena n-éisteann siad.

Aithníonn an prionsabal seo go bhféadfadh go mbeadh breithniú speisialta ag teastáil ó roinnt breathnóirí agus éisteoirí, de bhua a n-aoise, a gcúinsí nó a leochaileachta ar leith.

D'fhéadfadh go dteastódh meicníochtaí tacaíochta nó breis faisnéise/treorach ó bhreathnóirí agus éisteoirí aonair sa chás go nochtar iad d'ábhar lena n-ionannaíonn siad go tréan de bhua a gcúinsí nó a n-eispéiris phearsanta agus d'fhéadfadh seo bheith ina údar suaite dóibh. Teastaíonn cosaint ó roinnt daoine ó ábhar clár a d'fhéadfadh bheith mar chúis le frithghníomhú fisiciúil, mar shampla, ábhar a imríonn tionchar orthu siúd ar a bhfuil titimeas fótamhothálach nó iad siúd atá tugtha do hiopnóis. D'fhéadfadh cosaint bheith ag teastáil ó roinnt breathnóirí agus éisteoirí ó ábhar a meastar gurb ionann agus rud amháin é, nuair nach amhlaidh atá, mar shampla, rud éigin a mheastar atá fíriciúil atá ficseanúil nó conspóideach i ndáiríre.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 3, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- An aird chuí a thabhairt nuair a bhíonn ábhar clár á chraoladh ina bhfuil carachtair, gníomhartha agus cúinsí pearsanta lena bhféadfadh an lucht féachana ionannú agus a d'fhéadfadh bheith ina údar le suaithheadh, go háirithe maidir le hábhar ar nós foréigean gnéasach, féindíobháil nó féinmharú, athchruthú imeachtaí fíriciúla agus píosa scannáin chartlainne. Gabhfaidh foirm éigin d'fhaisnéis nó de threoir don lucht féachana le hábhar clár den chineál seo, ar nós réamhrabhadh agus sonraí teagmhála do líne chabhrach.
- Gan mí-úsáid drugaí, alcóil, nó tuaslagán nó úsáid drugaí mídhleathacha a spreagadh nó a chur i láthair go fabhrach. Ní mór go mbeidh údar tréan eagarthóireachta leis go gcuirfí san áireamh léiriú agus/nó cur síos a dhéanamh ar mhodhanna agus teicnící sonracha chun drugaí mídhleathacha a riar.
- Gan ábhar a chraoladh a spreagann daoine chun aithris a dhéanamh ar ghníomhartha atá baolach nó díobhálach dá sláinte agus sábháilteacht féin nó daoine eile nó a atá go hiomlán dochroch do chosaint an chomhshaoil.

- An aird chuí a thabhairt nuair a bhíonn clár á chraoladh a n-áirítear ionsamhlú nuachta leis. Ní mór nuacht ionsamhlaithe (mar shampla i ndráma nó i gcláir faisnéise) a chraoladh ar an mbealach sin nach bhfuil aon fhéidearthacht réasúnta ann go míthreorófar an lucht féachana a chreidiúint go bhfuil siad ag éisteacht le, nó ag féachaint ar fhíor-nuacht.
- aitheamh le taispeáint díbeartha deamhan, diamhaire, ábhair pharanormálta, fáistine (insint cinniúna san áireamh) nó cleachtais a bhaineann le haon cheann díobh seo a mheastar atá, nó a d'fhéadfaí a mheas atá fíor, leis an aire chuí. Nuair atá an taispeáint sin ar mhaithe le cuspóirí siamsaíochta, ní mór go mbeidh seo soiléir don lucht féachana. Níor cheart go n-áireofaí leis an taispeáint sin, cibé acu má mheastar gur fíor iad nó go bhfuil siad ar mhaithe le cuspóirí siamsaíochta, comhairle athraithe saoil atá dírithe ar dhuine aonair ar a meastar go réasúnta go bhfrithghníomhóidh siad nó go mbraithfidh siad orthu. Ní bhaineann seo le taispeáint a bhíonn i gceist i scannáin, dráma nó i gcláir fhicseanúla eile.
- An aird chuí a thabhairt maidir leis an mbealach a thugtar faoi hiopnóis le linn cláir.
- Réamhrabhaidh a sholáthar, de réir mar is cuí, do bhreathnóirí ar a bhfuil titimeas fótamhothálach ar bhealach atá inchloiste agus infheicthe go soiléir.

Prionsabal 4

COSAINT DO LEANAÍ

Breathnóirí agus éisteoirí iad leanaí ag a bhfuil riachtanais ar leith agus táthar ag súil leis go bhfreagróidh craoltóirí do riachtanais ar leith leanaí mar bhaill den lucht féachana agus iad a chosaint ó ábhar nach bhfuil oiriúnach dóibh. Spreagann an prionsabal seo craoltóirí chun freagairt d'éagsúlacht eispéireas an linbh agus chun cláir a chur ar tairiscint dóibh a bhaineann le hábhar dóibh. Ceanglaíonn an prionsabal seo, chomh maith leis sin, nach nochtar leanaí do chlár a bhainfeadh go mór dá bhforbairt mhorálta, mheabhrach agus fhisiciúil, go háirithe, cláir ina bhfuil pornagrafaíocht nó foréigean gan tuilleamh. Tá freagracht ar chraoltóirí agus ar thuismitheoirí agus chaomhnóirí araon maidir leis na cláir lena n-éisteann agus ar a bhfeiceann leanaí agus maidir le leanaí a chosaint ó bheith nochtta d'ábhar neamhoiriúnach agus díobhálach cláir.

Faoin Acht Craolacháin, 2009, sainítear leanbh mar aon duine atá faoi 18 mbliana d'aois. Chun críocha na rialála, sainíonn an BAI cláir leanaí mar chlár dá dtagraítear de ghnáth mar amhlaidh agus/nó a bhfuil próifíl lucht féachana acu a bhfuil breis agus 50% díobh faoi 18 mbliana d'aois. Aithníonn an prionsabal seo go dteastaíonn leibhéil éagsúla de chosaint ó leanaí ar aoiseanna éagsúla agus go soláthraíonn craoltóirí réimse clár le haghaidh leanaí, a bhféadfadh roinnt díobh bheith ag déileáil le téamaí ní b'aibí, a oireann don réalachas agus don eispéireas, dar le leanaí níos sine.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 4, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- A chinntiú nach gcraoltar ábhar cláir a d'fhéadfadh baint go mór d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta leanaí nuair is dóchúil go mbeidh leanaí ag féachaint ar an teilifís, go háirithe, cláir lena n-áirítear pornagrafaíocht nó foréigean gan tuilleamh.
- Aire ar leith a thabhairt i dtaobh ábhar cláir a chraoltar do leanaí nó ag tráthanna nuair a d'fhéadfadh leanaí a bheith ag féachaint nó ag éisteacht. Áireofar leis seo, ach go háirithe, ábhar cláir a chraoltar roimh an tairseach.
- Aire ar leith a ghlacadh nuair a bhíonn ábhar cláir á sceidealú a chraoltar gach taobh de chlár ar dócha go mbreathnóidh leanaí orthu nó go n-éistfidh leanaí leo, ar nós i ndiaidh na tairsí, fad atá leanaí á dtabhairt chuig agus ón scoil agus le linn saoirí scoile.
- Aire ar leith a ghlacadh lena chinntiú nach dtaispeántar réamhbhlaiseadh agus promóisin nach meastar go réasúnta atá oiriúnach do leanaí díreach roimh, le linn nó i ndiaidh clár do leanaí nó i ndiaidh na tairsí.

Prionsabal 5

MEAS A LÉIRIÚ AR DHAOINE AGUS GHRÚPAÍ SA TSOCHAÍ

Beidh an bealach a ndéantar ionadaíocht do dhaoine agus do ghrúpaí sa tsochaí oiriúnach agus infhírinne agus ní dhéanfaidh siad difear do mheas ar dhínit dhaonna. Ceadaítear díospóireacht dhaingean, is é sin, cur in aghaidh toimhdí, ach ní dhéanfaidh ábhar cláir idirdhealú idir daoine nó grúpaí sa tsochaí a stiogmatú nó a thacú nó neamhaird a thabhairt air, go háirithe ar bhonn aoise, inscne, stádas pósta, ballraíochta den Lucht Siúil, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonta, míchumais, cineáil, náisiúntachta agus eitneachta nó reiligiúin.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 5, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- Gan ábhar ina bhfuil íomhánna nó fuaimeanna bagracha, drochíde nó maslacha amhairc agus é a bheith ina chuspóir fuath a spreagadh nó sa chás gur dóchúil go spreagfar fuath mar thoradh i leith daoine nó grúpaí sa tsochaí, lena n-áirítear ar fhorais chineáil, chreidimh, ghnéis, eitneachta, gnéaschlaonta nó náisiúntachta.
- Gan béim a chur ach ar aois, dath, inscne, bunús náisiúnta nó eitneach, míchumas, cineál, reiligiún nó gnéaschlaonadh nuair atá údar leis na tagairtí sin agus tagairt do phrionsabail an Chóid seo agus do chomhthéacs an chraolta.
- A aithint go bhféadfaí a mheas go bhfuil úsáid téarmaí, tagairtí agus íomhánna maslach do dhaoine agus grúpaí sa tsochaí agus go dteastaíonn údar eagarthóireachta ó théarmaí coiteanna drochíde atá dírithe ar aon ghrúpa lena gcur san áireamh i gclár.
- An meas cuí a thabhairt ar thuairimí, íomhánna, cleachtais agus creidimh reiligiúnacha in ábhar cláir. Níl seo beartaithe cosc a chur ar mhionscrúdú a dhéanamh ar reiligiún trí fhaisnéis, dráma, nó cláir eile.

Prionsabal 6

COSAINT LEAS AN PHOBAIL

Tacaíonn an BAI le clár daingean agus freagrach a dhéanamh a éascaíonn breathnóirí agus éisteoirí chun tuiscint a fháil ar ábhair lena mbaineann tábhacht phoiblí agus a chuireann ar an eolas iad ar mhaithe le leas an phobail. Níor cheart caitheamh leis an mbreithniú seo i leith leas an phobail mar thástáil a úsáidtear chun cosc a chur ar shaoirse craolacháin, ach ina ionad sin, is prionsabal é a dhéanann craolachán a bheochan agus a fhreastalaíonn ar shocháí dhaonlathach.

D'fhéadfaí ábhar a dhéanann an méid a leanas a áireamh le hábhar 'leas an phobail':

- A nochtann nó a bhraitheann coireacht;
- A chosnaíonn sláinte nó sábháilteacht phoiblí;
- A nochtann maíomh bréagach nó míthreorach a dhéanann daoine aonair nó ag eagraíochtaí;
- A nochtann neamhinniúlacht daoine aonair nó eagraíochtaí a imríonn tionchar ar an bpobal;
- A nochtann mí-úsáid cistí poiblí;
- A nochtann briseadh an dlí;
- A spreagann agus a éascaíonn díospóireacht agus tuiscint ar ábhair shóisialta agus pholaitiúla;
- A chuireann an pobal ar an eolas, nó a spreagann díospóireacht, ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht phoiblí.

Ní mór go mbeidh aird ag craoltóirí, áfach, ar cheisteanna eile lena mbaineann tábhacht don tsocháí. Go háirithe, cosnóidh craoltóirí leas an lucht féachana sa chás go bhfuil cur chun cinn leasanna aon eagraíochta mar cheann de phríomhchuspóirí sholáthar na seirbhíse craolacháin. Ní chraolfaidh craoltóir aon ní gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit. Níor cheart go dtabharfaí faoi deara go leagfaidh an prionsabal seo cosc ar chraoltóirí ó chur in aghaidh beartas poiblí nó díospóireachtaí oscailte a chur ar bun faoi conas a oibríonn nó nach n-oibríonn an rialtas. Aithníonn an prionsabal seo gur féidir d'ábhar a fhágáil ar lár agus/nó ionadaíocht neamhleor a dhéanamh d'fhaisnéis nó do thuairimí drochthionchar a imirt ar leas an phobail.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 6, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- Ní chraolfaidh craoltóir aon ní gur dóigh dó coireacht a chur chun cinn nó a ghríosú nó gur de ghné é a dhéanfadh dochar d'údarás an Stáit.
- Leas an lucht féachana a chosaint sa chás go bhfuil cur chun cinn leasanna aon eagraíochta mar cheann dá bpríomhchuspóirí.
- Gan iompar nó tuairimí a spreagadh atá go hiomlán dochrach do chosaint an chomhshaoil. Spreagtar craoltóirí chun an lucht féachana a chur ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le ceisteanna comhshaoil ar bhealach a thugann an aird chuí ar chothromaíocht an eolais chomhaimseartha eolaíoch.
- A chinntiú go dtugtar faoi iomaíochtaí agus vótáil go cothrom faoi rialacha a gcuirtear an lucht féachana ar an eolas fúthu, d'fhonn gan an lucht féachana a mhíthreorú.

Prionsabal 7

MEAS A LÉIRIÚ AR PHRÍOBHÁIDEACHT

Aithníonn an prionsabal seo go bhfuil ceart chun príobháideachta ag daoine aonair. Beidh meas ag craoltóirí ar phríobháideacht an duine aonair agus cinnteoidh siad nach gcuirfear isteach uirthi go míreasúnta cibé acu sa bhealach a úsáidtear chun an clár a dhéanamh nó san ábhar cláir a chraoltar.

Aithníonn an prionsabal seo, chomh maith, nach iomlán an ceart chun príobháideachta. Is ionann an phríobháideacht a bhfuil duine aonair ina teideal agus é sin atá réasúnta faoi gach ceann de na cúinsí. Ní mór an ceart chun príobháideachta a chothromú i leith cearta agus cúinsí eile, ar nós leas an phobail, saoirse tuairimíochta, cearta daoine eile, ceanglais oird phoiblí agus leas coiteann. Cuirtear isteach go míreasúnta ar phríobháideacht duine nuair nach bhfuil fírinniú ann nó cúis mhaith leis an gcur isteach, agus go bhfuil sé, ar an ábhar sin, neamhcheadaithe agus míreasúnta.

Ní mheasfar gurb ionann craoladh ócáideach nó teagmhasach daoine i suíomhanna poiblí i gclár, de ghnáth, agus cur isteach neamhcheadaithe nó míreasúnta ar phríobháideacht.

Ní mór don duine gearáin faoi phríobháideacht a dhéanamh a bhféadfadh gur cuireadh isteach ar a p(h)ríobháideacht go mí-reasúnta. Féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir, a d'ainmnigh an duine, gearán a dhéanamh thar ceann an duine eile, sa chás cuí.

I gcomhlíonadh Phrionsabal 7, déanfaidh craoltóirí an méid a leanas:

- A chinntiú go bhfuil aon chur isteach ar phríobháideacht duine aonair i gclár nó sa bhealach a úsáidtear chun clár a dhéanamh ceadaithe, agus aird ar phrionsabail an Chóid seo, go háirithe, cosaint leas an phobail. Ní mór go mbeidh aon chur isteach den saghas sin i gcomhréir agus teoranta don mhéid a theastaíonn chun an lucht féachana a chur ar an eolas ar mhaithe le leas an phobail.
- An aird chuí a thabhairt ar choincheap an toilithe aonair agus a chinntiú go mbíonn rannpháirtithe i gcráolachán ar an eolas ar an ábhar agus ar chomhthéacs agus chineál agus fhormáid a rannpháirtíochta ionas gurb ionann a gcomhaontú chun bheith páirteach agus toiliú feasach.
- An aird chuí a thabhairt ar na breithniúcháin ar leith a bhíonn i gceist i gcás duine nó leanbh leochaileach faoi 16 bliana d'aois, lena chinntiú nach gcuirtear isteach riamh go míreasúnta ar phríobháideacht na ndaoine siúd. Daoine aonair iad daoine leochaileacha a dteastaíonn uathu go dtabharfar breis aire dóibh mar gheall ar chúinsí pearsanta nó folláine.

- Toiliú a fháil sa chás go mbíonn duine nó leanbh leochaileach faoi bhun 16 bliana d’aois i gceist go díreach le hábhar cláir, nó sa bhealach a úsáidtear chun ábhar cláir a dhéanamh. Ba cheart toiliú a lorg ón duine nó ón leanbh leochaileach, más féidir, **agus** ó thuismitheoir, caomhnóir, ionadaí ainmnithe nó duine atá freagrach as a c(h)úram príomhúil. Tharlódh nach mbeadh sé riachtanach toiliú a fháil más beagbhríoch an t-ábhar nó más mion-rannpháirtíocht atá i gceist nó, bunaithe ar thosca eile, gur ceadaíodh chun leanúint ar aghaidh gan toiliú a fháil, agus aird ar phrionsabail an Chóid seo.
- An breithniú cuí a dhéanamh ar iarratais ar aistarraingt toilithe, agus aird ar phrionsabail an Chóid seo, go háirithe, cosaint leas an phobail agus cúinsí eile a d’fhéadfadh teacht chun solais, ar nós caidreamh conarthach.
- A chinntiú nach gcuireann ábhar a athúsáid, lena úsáid in ábhar cláir éagsúil nó ar mhaithe le cuspóir eile, isteach go míréasúnta ar phríobháideacht duine aonair.
- An aird chuí a thabhairt ar an tionchar a d’fhéadfadh cumhdach agus cumhdach leantach ar bhás imirt ar theaghlaigh agus ar chairde an mhairbh.
- An aird chuí a thabhairt ar bhreithniúcháin ar leith a bhíonn i gceist nuair a bhíonn scannánaíocht á déanamh i gcásanna éigeandála nó nuair a bhíonn scannánaíocht á déanamh ar íospartaigh thimpistí nó iad siúd atá thíos le tragóid phearsanta, lena chinntiú nach gcuirtear isteach go míréasúnta ar phríobháideacht na ndaoine siúd.
- A chinntiú nach n-úsáidtear scannánaíocht nó taifeadadh amhrasach ach amháin nuair a bhíonn siad ceadaithe.